StudentBounty.com

aid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrth

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

January 2010

# Matamaitic

## Modúl N5 Páipéar 1
## (Gan Áireamhán)
## Bonnsraith

**[GMN51]**

GMN51

**DÉ hAOINE 15 EANÁIR**

**9.15 am – 10.15 am**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| 16 | |
| 17 | |
| 18 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa cheistpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Níl cead** agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 56 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir duit rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

5418.04

www.StudentBounty.com

# Bileog Foirmlí

**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a + b)h$




**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad






www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**1** **(a)** Tarraing líne shiméadrachta ar gach cruth thíos.





[2]

**(b)**



líne scátháin

Tarraing frithchaitheamh den chruth thuas sa líne scátháin. [2]



**[Tiontaigh an leathanach**

www.StudentBounty.com

**2** **(a)** Scríobh an meáchan a thaispeántar ar an scála.




Freagra ____________ g [1]

**(b)** Ag galf raoin, is é 225 m an fad a bhuail Dónal liathróid ghailf.
Marcáil X ar an lárlíne lena thaispeáint cá háit ar stop an liathróid.




[1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com

**(c)** Cuir scála **beacht** ar an chrúiscín tomhais seo thíos agus marcáil leibhéal uisce ag 280 ml.




[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



[Tiontaigh an leathanach

www.StudentBounty.com

**3** Bíonn na 3 rothlóir thíos in úsáid i gcluiche cláir.




**(a)** Cé acu rothlóir is dóichí a stopfaidh ar dhearg?

Freagra __________ [1]

**(b)** Tá seans cothrom ann go stopfaidh rothlóir C ar dhearg. Mínigh cén fáth.

Freagra ________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**4**

Gearrann óstán £7.95 an duine ar bhia ag comhdháil. Tá 153 duine ar an chomhdháil.
**Déan meastachán** ar chostas iomlán an bhia.
**Taispeáin do chuid oibre.**

Freagra £_____________ [2]



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Tá fiche cheist i dTráth na gCeist.

Faigheann tú 6 phointe ar fhreagra ceart agus cailleann tú 2 phointe ar fhreagra mícheart.

**(a)** Abair go bhfreagraíonn tú gach ceist. Mínigh an dóigh ar féidir leat 96 pointe san iomlán a fháil.

[2]

**(b)** Mínigh an dóigh ar féidir leat 0 pointe san iomlán a fháil.

[2]

---

**6** Sna habairtí seo a leanas, cuir isteach an t-aonad **méadrach** ceart is féidir a úsáid in áit an aonaid impiriúil atá ann.

**(a)** Is féidir im a cheannach ina **phuint** nó ina ________________ [1]

**(b)** Is féidir bainne a cheannach ina **phiontaí** nó ina _______________ [1]



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** **(a)** Marcáil lár na siméadrachta rothlaí ar an chruth thíos.



[1]

**(b)** Tarraing na haiseanna siméadrachta **uile** ar an chruth thíos.



[2]

**(c)** Is é 12 throigh go garbh an fad thart ar imeall rotha den chruth seo.
Cá mhéad méadar é sin go garbh?

Freagra _____________ m [2]



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**8** **(a)** Na luachanna sa tábla thíos in úsáid agat, tarraing graf ar an eangach thíos le ciliméadair a athrú ina mílte.

| Ciliméadair | 20 | 30 | 40 | 50 | 60 | 70 | 80 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mílte | 12.4 | 18.6 | 24.9 | 31.1 | 37.3 | 43.5 | 49.7 |




[3]

**(b)** Ón ghraf, athraigh 35 míle ina gciliméadair.

Freagra ____________ km [1]



[Tiontaigh an leathanach

www.StudentBounty.com

**9** **(a)** Ríomh

**(i)** $15 - (2 - 7)$

Freagra ______________ [1]

**(ii)** $24 - 12 \div 4$

Freagra ______________ [1]

**(b)** Cuir lúibíní isteach le go mbeidh an t-áireamh seo a leanas ceart.

$$14 \quad - \quad 4 \quad \times \quad 3 \quad - \quad 2 \quad = \quad 10$$

[1]

**(c)** Déan meastachán ar $\sqrt{84}$ ceart go dtí an tslánuimhir is cóngaraí.

Freagra ___________ [1]

**(d)** Caithfidh duine 10% de £186 nó £5, cibé ceann acu is mó, a íoc leis an bhille ar a chárta creidmheasa a ghlanadh. Cá mhéad airgid a chaithfidh an duine a íoc?

Freagra £ ______________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com

**10** **(a)** Díoladh 800 ticéad i gcrannchur. Is saoire é an chéad duais.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Cheannaigh mé ticéad amháin don chrannchur. Cad é an dóchúlacht go mbainfidh mé an tsaoire?

Freagra ______________ [1]

**(ii)** Is féidir nach é $\frac{1}{2}$ an dóchúlacht go mbainfidh bean an tsaoire. Mínigh cén fáth.

Freagra ____________________________________________________

____________________________________________________ [1]

**(b)** Is é 0.12 an dóchúlacht go scríobhann dalta lena lámh chlé. Cad é an dóchúlacht go scríobhann dalta lena lámh dheas?

Freagra ______________ [1]



www.StudentBounty.com

| Béal Feirste, Busáras Europa - Ard Mhacha | | | | | | | | | | | | Seirbhís Dhíreach Goldline 251 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Luan go dtí an Aoine** | | | | | | | | | | | | | |
| Seirbhís | | 271 | | | | | | | | | 270 | | |
| Nótaí | | | A | A | | A | A | A | F | A | | A | |
| Nótaí | | | | | | | | | NJA | | | | |
| **Béal Feirste, Busáras Europa** | 0800 | 0910 | 1000 | 1100 | | 1200 | 1300 | 1400 | 1400 | 1500 | 1545 | 1600 | 1645 |
| Páirceáil agus Taisteal, Radharc an Locha | 0825 | 0935 | │ | │ | | │ | │ | │ | │ | │ | 1610 | │ | │ |
| Siopa Mhic Ghiolla Aoláin, Maigh Rath | │ | │ | 1025 | 1125 | | 1225 | 1325 | 1425 | │ | 1525 | │ | 1625 | │ |
| Maigh Rath, Village Gatestop | │ | │ | 1027 | 1127 | | 1227 | 1327 | 1427 | │ | 1527 | │ | 1627 | │ |
| Machaire Lainne | │ | │ | 1030 | 1130 | | 1230 | 1330 | 1430 | │ | 1530 | │ | 1630 | │ |
| Dollingstown | │ | │ | 1035 | 1135 | | 1235 | 1335 | 1435 | │ | 1535 | │ | 1635 | │ |
| An Lorgáin, Sráid na Banríona | │ | │ | 1038 | 1138 | | 1238 | 1338 | 1438 | │ | 1538 | │ | 1638 | │ |
| An Lorgáin, Sráid an Mhargaidh | 0835 | 0945 | 1040 | 1140 | | 1240 | 1340 | 1440 | │ | 1540 | 1625 | 1640 | │ |
| Craigavon, Lárionad Rushmere | 0900 | │ | 1050 | 1150 | | 1250 | 1350 | 1450 | │ | 1550 | │ | 1650 | │ |
| **Port an Dúnáin, Sráid an Mhargaidh** | 0915 | 1000 | 1100 | 1200 | | 1300 | 1400 | 1500 | │ | 1600 | 1645 | 1700 | 1730 |
| Cearnóg Richhill | │ | │ | 1118 | 1218 | | 1318 | 1418 | 1518 | | 1618 | │ | 1718 | │ |
| **Busáras Ard Mhacha, Bóthar Lonsdale** | 0935 | 1020 | 1130 | 1230 | | 1330 | 1430 | 1530 | 1500 | 1630 | 1705 | 1730 | 1750 |
| **Busáras Ard Mhacha, Bóthar Lonsdale** | | 1025 | | | 1230 | | | | │ | | │ | | 1805 |
| Muineachán, Leabharlann | | │ | | | 1315 | | | | │ | | │ | | 1805 |
| Muineachán, Busáras | | 1055 | | | 1325 | | | | 1530 | | 1735 | | 1855 |

A – Gnáthsheirbhís idir Port an Dúnáin agus Ard Mhacha F – Dé hAoine amháin NIL – Níl aon seirbhís in Iúil agus i Lúnasa

*Foinse: Translink*

**(a)** Chuaigh Seán ar bhus 1545 ó Bhéal Feirste go hArd Mhacha. Cá fhad a ghlac an turas?

Freagra _____________ [1]

**(b)** Tá Róisín i mBéal Feirste. Caithfidh sí a bheith in Ard Mhacha faoi 2.45 pm. Cad é an bus is déanaí is féidir léi a thógáil as Busáras an Europa?

Freagra _____________ [1]

**(c)** Lá amháin ghlac Coilín uair an chloig go díreach ar an tseirbhís bhus seo le dul ó Bhusáras an Europa go dtí Busáras Ard Mhacha. Cén lá sa tseachtain a chaithfidh a bheith i gceist?

Freagra _________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**12** Athscríobh $2p - 3 = 6 - q$ ag tabhairt $p$ i dtéarmaí $q$.

Freagra $q$ = ______________ [2]

---

**13** **(a)** Maíonn Pádraig, "Is ré-uimhir í gach uimhir chiúbaithe".
Luaigh sampla leis an ráiteas seo a bhréagnú.

[2]

**(b)** Glacann Síle 120 coiscéim le 72 méadar a shiúl.
Cá fhad a shiúlfaidh sí má ghlacann sí 90 coiscéim chomhchosúil?

Freagra ______________ m [2]

---

**14** Anseo thíos an t-oideas le dhá ghloine mheánacha de shú Úill agus cuirín dhuibh a dhéanamh,

| | |
|---|---|
| 250 ml | Sú úill agus cuirín dhuibh |
| 2 spúnóg bhoird | Iógart nádúrtha |
| 180 ml | Bainne |
| 3 scúp | Uachtar reoite fanaile |

Comhlánaigh an t-oideas le haghaidh cúig ghloine mheánacha.

Freagra

| | |
|---|---|
| _________ ml | Sú úill agus cuirín dhuibh |
| 5 spúnóg bhoird | Iógart nádúrtha |
| _________ ml | Bainne |
| _________ scúp | Uachtar reoite fanaile |

[2]



[Tiontaigh an leathanach

www.StudentBounty.com

**15** Ceannaíonn 120 duine ticéad an duine do chluiche cinniúna ar aonach.
Is é 50p costas ticéid.
Is é $\frac{1}{12}$ an dóchúlacht go mbainfidh duine duais.
Is é £1.50 an duais a gheobhaidh gach buaiteoir.
Cad é an brabús a dhéanfaidh lucht an aonaigh?

Freagra £ _____________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

---

**16**




Tarraing íomhá thriantán A i ndiaidh aistrithe $\begin{pmatrix} 6 \\ -2 \end{pmatrix}$ [2]



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**17** Na haghaidheanna urchomhaireacha ar dhísle, suimíonn siad le chéile le seacht a thabhairt.
Is é 3 + 2 + 5 = 10 iomlán na n-uimhreacha ar na haghaidheanna tosaigh, mar a thaispeántar thíos.
Le bogadh amháin a dhéanamh, rothlaítear, sa treo a thaispeántar, **gach ceann** de na díslí thíos aghaidh amháin san am (ceathrú casaidh).
Agus dhá rothlú déanta, cad é iomlán na n-uimhreacha ar na haghaidheanna **tosaigh**?
**Taispeáin do chuid oibre.**



Freagra **Iomlán** = _________ [2]

---

**18** Rinne daltaí suirbhé ar 200 carr agus iad ag dul anonn droichead. Fuair siad amach nach raibh aon phaisinéir i 45 de na carranna. Lá amháin, nuair a chuaigh 4000 carr anonn an droichead, cá mhéad carr a mbeifeá ag súil nach mbeadh aon phaisinéir iontu?

Freagra ______________ [2]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



www.StudentBounty.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com